

## **AN ÚSÁID A BHAINTEAR AS SONRAÍ AN PHRÍOMH-CHLÁIR CREIDMHEASA**

Bhunaigh an Banc Ceannais an Príomh-Chlár Creidmheasa faoin [Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013](#) arna leasú (an tAcht). Faoin an Acht, cuirtear oibleagáid ar Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa (iasachtóirí) faisnéis phearsanta agus chreidmheasa a thabhairt don Phríomh-Chlár Creidmheasa.

### **1. TUARASCÁLACHA CREIDMHEASA A CHUR AR FÁIL**

Déantar an fhaisnéis a stóráil go daingean ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa, áit a mbaintear úsáid aisti chun tuarascálacha creidmheasa a chruthú. Cuirtear tuarascálacha creidmheasa ar fáil do na dreamanna seo a leanas

- Iasachtaithe aonair, ar iarratas chuige sin a fháil uathu, saor in aisce, faoi réir úsáid chothrom
- Iasachtaithe nach iasachtaithe aonair iad, amhail corparáidí, ar iarratas chuige sin a fháil uathu, saor ina aisce uair sa bhliain, agus faoi réir táille ina dhiaidh sin
- Iasachtóirí nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar iarratais ar iasachtaí, ar iarratais ar athstruchtúrú, nó i gcás ina mbeidh iasacht i riaráiste nó rótharraingt nó cárta creidmheasa thar an teorainn.

[Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo](#)

### **2. AN BANC CEANNAIS**

Is féidir leis an mBanc Ceannais aon fhaisnéis bhréagainmnithe ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa a úsáid le linn dó aon fheidhm dá chuid a chomhlíonadh.

### **3. AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH**

Cuireann an Banc Ceannais faisnéis ar fáil i gcomhreir leis an Acht Staidrimh 1993 agus leis an dlí ábhartha um chosaint sonraí. Tá socruithe breise oibríochtúla leagtha amach i [Meabhrán Tuisceana](#) a comhaontaíodh idir na páirtithe. Baineann an Phríomh-Oifig Staidrimh úsáid as an bhfaisnéis seo chun sonraí a thiomsú le haghaidh suirbhéanna teaghlach ar loncam, Tomhaltas agus Rachmas.

[Tá tuilleadh eolais faoin bPríomh-Oifig Staidrimh ar fáil anseo](#)

### **4. FORÁLACHA REACHTACHA EILE**

Féadfar faisnéis a chur ar fáil mar a cheadaítear faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013 (arna leasú), faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, nó mar a cheanglaítear nó a cheadaítear le dlí nó le haon reachtaíocht infheidhme eile. Féadfaidh an Banc Ceannais faisnéis a thabhairt do ghníomhaireachtaí stáit agus do chomhlachtaí forfheidhmithe dlí nuair a mheastar go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach déanamh amhlaidh.

[Tá tuilleadh eolais le fáil ar an leathanach a bhaineann le cosaint sonraí](#)